

Athnuachan na Filíochta

Caoimhín Mac Giolla Léith

(CATHAOIRLEACH: CATHAL GOAN)

In alt a foilsíodh in *The Irish Times* mar chuid den cheiliúradh céad bliain ar bheatha agus ar shaothar Patrick Kavanagh thug Seamus Heaney an sainmhíniú seo a leanas ar an bhfilíocht, sainmhíniú a bhí ag teacht, dar le Heaney, le tuiscint Kavanagh ar a cheird: “[Poetry] is a matter not of record but of renovation, of amplifying the given into the unlooked-for, of snatching out of time “the passionate transitory” (Heaney 2004).

Renovation. Athnuachan. Próiseas riachtanach, leanúnach is ea próiseas na hathnuachana in aon traidisiún, in aon chultúr, in aon teanga, in aon mheán—nó, mar a deireadh an Cadhnach féin, in aon chruth ealaíne—faoi leith. Is éard ba mhaith liom a dhéanamh ar an ócáid seo, más ea, aghaidh a thabhairt ar ghné amháin den athnuachan ar acmhainní na filíochta atá curtha i gcrích, dar liom féin, ag filí na Gaeilge ó na 1960í i leith. Tá leas á bhaint le fada ag filí na Gaeilge as réimse leathan foinsí, idir shean agus nua, dhúchasach agus neamhdhúchasach, foinsí ilghnéitheacha ar dhóigh le duine go minic go mbeadh a mianach agus a gcáilíochtaí éagsula ag teacht salach ar a cheile. Díol spéise faoi leith ann féin, áfach, is ea an chorraíl inmheánach a leanann as seo, an cur is an cúiteamh taobh istigh den dán, mar a déarfá, cur agus cúiteamh a léiríonn cuid de chastacht an chultúir mórtimpeall, an cultúr dar de an dán. Mar tá mé féin den bharúil le fada anois gur as an mbriúth faoi thoinn seo a eascraíonn cuid den fhilíocht is spéisiúla dá bhfuil againn, más filíocht ghuagach, mhíshuaimhneach, anacair, ilghuthach féin go minic í. Is dána an mhaise dhom, ar bhealach, Léacht Uí Chadhain na bliana seo a thabhairt ar an bhfilíocht, th’éis a raibh le rá ag an gCadhnach ar an ábhar seo ina léacht cháiliúil féin *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* go gairid roimh a bhás i 1970 (1969). Níl d’ómós á léiriú agam don Chadhnach, a déarfá,

ach go bhfuil teideal urscéil leis, *Athnuachan* (1995), goidte agam mar théama is mar theideal dom féin. Ach, ar ndóigh, ba í bliain seo a bháis an bhliain chéanna ar foilsíodh an chéad eagrán d'*Innti*, iris a d'fhógair, ina bealach féin, ré nua filíochta, nó ré athnuaithe, ar a laghad, sa nGaeilge. Agus ní miste cuid dá ndúirt an Cadhnach faoi nuafilíocht na Gaeilge ar an ócáid áirithe úd a thabhairt chun cuimhne arís, mar go mbaineann sé le hábhar:

Staid bhagarach, drochthuar é, an iomarca tóir a bheith ar fhilíocht a chuma le hais an phróis. Seo mar atá sé i mionteangachaí eile... Is fusa go fada liric dheas neamhur-chóideach ocht líne a chuma anois agus aríst ná aiste a scríobh, urscéal, ná fiú gearrscéal féin... Sé an próis tathán, coinchréad, clocha saoirsinne an tsoil, agus é cho garbh míthaitneamhach leis an saol féin... Is beag atá fágtha ag an bhfilíocht inniu. Níl tada fágtha aici sa nGaeilge ach liricí gearra (Ó Cadhain 1969: 36–37).

Níorbh aon phort nua é seo, ar ndóigh, locht a fháil ar litríocht na Gaeilge toisc í a bheith ag brath an iomarca ar an bhfilíocht: ‘a literature that finds its sole expression in song, is in a state of unhealthy action,’ a scríobh Risteard de Hindeberg, sa bhliain 1892 agus é ag trácht go tarcaisniúil in *Irisleabhar na Gaeilge* ar fhilíocht luath na hAthbheochana (Henebry 1892). Tá an gearán céanna cloiste go minic againn ó shin: géarchéim na próis-scríbhneoireachta le hais na filíochta, ganntanas na n-úrscéalta clasaiceacha réalaiócha, nó le bheith níos cruinne, easpa na n-úrscéalta inchreidte a bheadh lonnaithe i suíomh comhaimseartha cathrach. An easpa seo ar an nGaeilge á cur i gcomparáid le ganntanas den tsórt céanna i litríocht Bhéarla na hÉireann de bhrí, más fíor, go bhfuil an bonn ábharaióch a theastaíonn don úrscéal réalaióch ar iarraidh sa dá chás. Tá an scéal seo pléite, athphléite agus seanphléite. Má bhí sé mar dhrochthoradh ar an gcásamh seo ar fad nár tugadh a ceart riamh i ndáiríre don phrósscríbhneoireacht neamhréalaióch atá againn sa nGaeilge, thuigfeá mar sin féin don mhíshuaimhneas. Agus ní galar Gaelach amháin an méid seo .i. dea-shláinte nó drochshláinte cultúir liteartha a mheas i dtéarmaí sláinte an úrscéil seachas cruthanna liteartha eile. Is iomaí criticeoir a mhaífeadh go bhfuil buanna agus acmhainní faoi leith ag an úrscéal nach bhfuil, mar shampla, ag an bhfilíocht liriciúil faoi a shamhlaítear coitianta í. Duine de na criticeoirí seo ab ea Mikhail Bakhtin, duine de na scríbhneoirí is mó tionchar ar an gcritic liteartha thall is abhus le tamall de bhlianta anuas. De réir Bakhtin is í an difríocht is bunúsaí idir an dá chruth liteartha atá faoi chaibidil againn, an liric agus an t-úrscéal, gurb é an guth aonaránach, monalógach is dual don liric (mar ba dhual freisin don eipic, tráth), ach go bhfuil mianach iolrach, dialógach san úrscéal. Tá an liric thraidisiúnta aonghuthach; ach tá an t-úrscéal, nó cineálacha áirithe úrscéil ar chaoi ar bith, ilghuthach (Bakhtin 1981).

Idirdhealú é seo a bhfuil impleachtaí eiticíúla, chomh maith le gné aestéiticíúil, ag roinnt leis. Mar san áit nach bhfuil ach aon ghuth amháin ag labhairt, agus aon